

Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001

- Stiúrtóireachtaí Ainmnithe-

Ráiteas Leasanna 'Nialasach'

chun críocha Alt 17 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995

Comhlánaigh i mBLOCLITREACHA le do thoil

Ainm:	
Stiúrtóireacht Ainmnithe i seilbh:	
Comhlacht Poiblí:	
Dáta an Cheapacháin:	
Tréimhse a Chuimsítear leis an Ráiteas seo: (m.sh. 1ú Eanáir go 31ú Nollaig nó cuid de):	
Seoladh le haghaidh Comhfhreagrais:	

Dearbhaím leis seo, maidir leis an tréimhse a chlúdaítear sa ráiteas seo, nach bhfuil aon leasanna, mar atá sonraithe san Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, de mo chuid féin, nó, go bhfios dom féin, de mo chéile nó mo pháirtneir sibhialta nó mo leanbh féin nó leanbh mo chéile, a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ormsa, nó i ndáil le, comhlíonadh fheidhmeanna na stiúrtóireachta a bhfuil cur síos déanta orthu thuas.

Is eol dom freisin na hoibleagáidí a chuirtear orm le hAlt 17(1)(b) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995¹ (féach thíos).

Sínithe: _____

Dáta: _____

¹ in aon chás ina bhfuil feidhm de chuid stiúrthóireacht ainmnithe le comhlíonadh agus go bhfuil a fhios iarbhír ag sealbhóir stiúrthóireachta ainmnithe go bhfuil sé nó sí nó duine nasctha le leas ábhartha i ní lena mbaineann an fheidhm, de réir bhrí an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus alt 97 den Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010 i ní lena mbaineann an fheidhm, ullmhóidh sé nó sí ráiteas i scríbhinn ar na fíorais sin agus tabharfaidh sé nó sí do stiúrthóirí eile an chomhlachta é agus ní chomhlíonfaidh sé nó sí an fheidhm mura rud é go bhfuil cúiseanna láidre ann a éilíonn air nó uirthi déanamh amhlaidh. Má bheartaíonn sealbhóir stiúrthóireachta ainmnithe an fheidhm a chomhlíonadh, déanfaidh sé nó sí ráiteas i scríbhinn ar na cúiseanna láidre a dúradh a ullmhú agus a thabhairt do stiúrthóirí eile an chomhlachta agus don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.